Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2018
(OR. en)

9701/18
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0202 (COD)**

SOC 362
ECOFIN 562
FSTR 31
COMPET 414
FIN 435
IA 172

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 380 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 380 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2018) 380 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 30.5.2018
COM(2018) 380 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED)**

**IARSCRÍBHINN**

**Comhtháscairí aschuir agus toraidh le haghaidh iarratais ar CED**

Ní mór gach sonra pearsanta[1] a mhiondealú de réir inscne (fireann, baineann, neamh-dénártha).

(1) Comhtháscairí aschuir maidir le tairbhithe

– daoine dífhostaithe*,

– daoine neamhghníomhacha*,

– daoine fostaithe*,

– daoine féinfhostaithe*,

– daoine faoi bhun 30 bliana d'aois*,

– daoine os cionn 54 bliana d'aois*,

– daoine a bhfuil oideachas meánscoile íochtaraí nó níos lú ná sin (ISCED 0-2) acu*,

– daoine a bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí (ISCED 3) nó oideachas iar-mheánscoile (ISCED 4) acu*,

– daoine a bhfuil oideachas treasach (ISCED 5-8) acu*.

Tá an líon iomlán tairbhithe le ríomh go huathoibríoch ar bhonn na gcomhtháscairí aschuir a bhaineann le stádas fostaíochta[2].

Ní mór na sonraí sin maidir le tairbhithe atá rannpháirteach i mbearta cómhaoinithe CED a sholáthar sa tuarascáil deiridh mar a shonraítear in Airteagal 20(1).

(2) Comhtháscairí toraidh maidir le tairbhithe

– céatadán de thairbhithe CED atá i mbun fostaíochta (arna mhiondealú de réir chineál an chonartha: lánaimseartha/páirtaimseartha, conradh ar théarma seasta/conradh neamhiata) agus atá féinfhostaithe, 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse cur chun feidhme*,

– céatadán de thairbhithe CED a bhfuil cáilíocht bainte amach acu 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse cur chun feidhme*,

– céatadán de thairbhithe CED atá i mbun oideachais nó oiliúna 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse cur chun feidhme*.

Ní mór na sonraí sin a sholáthar sa tuarascáil deiridh mar a shonraítear in Airteagal 20(1) agus ní mór iad a bhailiú ó shonraí arna soláthar ag údaráis inniúla an Bhallstáit agus ó shuirbhéanna ar na tairbhithe (mar a shonraítear in Airteagal 20(1)d). Cumhdóidh na sonraí

[1] Ní mór do na húdaráis bhainistíochta córas a bhunú lena dtaifeadfar agus lena stórálfar sonraí na rannpháirtithe aonair i bhfoirm leictreonach. Ní mór socruithe próiseála sonraí na mBallstát a bheith i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.05.2016, lch. 1), go háirithe Airteagal 4, Airteagal 6 agus Airteagal 9 den Rialachán sin. Na sonraí a thuairiscítear faoi na táscairí a bhfuil * in aice leo, is sonraí pearsanta iad de réir Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679. Tá sé riachtanach iad a phróiseáil chun an oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialtóir faoina réir a chomhlíonadh (Airteagal 6(1)(c) de Rialachán (AE) 2016/679).

[2] Dífhostaithe, neamhghníomhach, fostaithe, féinfhostaithe

sin líon iomlán ríofa na dtairbhithe mar a thuairiscítear faoi na comhtháscairí aschuir i bpointe (1). Tiocfaidh na céatadáin leis an iomlán ríofa sin freisin.

(3) Comhtháscaire toraidh fhadtéarmaigh maidir le tairbhithe

– céatadán de thairbhithe CED atá i mbun fostaíochta, lena n-áirítear an fhéinfhostaíocht, 18 mí tar éis dheireadh na tréimhse cur chun feidhme a shonraítear sa chinneadh maoinithe*.

Ní mór na sonraí sin a chur ar fáil faoi dheireadh an 19ú mí tar éis dheireadh na tréimhse cur chun feidhme. Ba cheart do na sonraí sin líon iomlán ríofa na dtairbhithe mar a thuairiscítear faoi na comhtháscairí aschuir i bpointe (1) a chumhdach. Tiocfaidh na céatadáin leis an iomlán ríofa sin freisin. Maidir le cásanna móra lena gcumhdaítear níos mó ná 1 000 tairbhí, de rogha air sin féadfar sonraí a bhailiú bunaithe ar shampla ionadaíoch den líon iomlán tairbhithe a thuairiscítear mar tháscaire aschuir faoi phointe (1).